GX2562

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLOMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDITHE NA BLIANA 1999 - 2000
SEIMEASTAR 1

DLÍ

Marie McGonagle B.A. (Belf.), LL.M.

Trí ceist atá le freagairt. Freagair **ceist amháin** as Cuid a hAon agus **ceist amháin** as Cuid a Dó. Is féidir an **tríú** ceist a fhreagairt as ceachtar den dá chuid.

Dhá uair go leith atá ceadaithe.

CUID A hAON

1. Mínigh cén tábhacht atá le **dhá** cheann de na foinsí dlí do na meáin chumarsáide. Ba chóir duit tagairt a dhéanamh do na cearta atá ag na meáin chumarsáide agus do na dualgais atá orthu faoin dá ghné den dlí a roghnaíonn tú.

2. Cuir síos ar **dhá** chúirt in Éirinn atá tábhachtach ó thaobh cásanna a bhaineann leis na meáin chumarsáide de. Cuir an t-eolas seo a leanas in iúl: an mbíonn giúiré i gceist, an mbíonn teorainn leis an méid cúitimh airgid is féidir a bhronnadh (nó an méid ama sa phríosún), agus luaigh cúpla cás a bhain leis na meáin agus a éisteadh sa dá chúirt sin.

3. Freagair i) **AGUS** ii):

Abair go bhfuil cara leat, atá ag obair mar shaoririseoir, ag iarraidh eolas a fháil faoi na rudaí seo a leanas. Tabhair a oiread eolais chuí di agus is féidir leat:

> i) Tá fear gnó ag brath cás clúmhillte a thabhairt ina haghaidh sa Chúirt Chuarda toisc tagairt a rinne sí dó i gclár raidió. Ba mhaith léi a fháil amach céard a tharlóidh sa chúirt, an mbeidh giúiré ann, an mbeidh teorainn leis an gcúiteamh airgid a gheobhaidh sé má éiríonn leis, an mbeidh sí féin in ann achomharc a dhéanamh má éiríonn leisean?

AGUS

b) Tá a fhios aici go bhfuil dualgais ar chraoltóirí de réir Reachtaíocht an Oireachtais (Na hAchtanna um Chraolachán) agus de réir dhlíthe an Aontais Eorpaigh (An Treoir um Theilifís gan Teorainneacha - Television without Frontiers Directive). Ba mhaith léi go dtabharfá achoimre di ar na dualgais sin.

.../

CUID A Dó

4. Le linn clár teilifíse faoi chúrsaí reatha, éiríonn duine de na cainteoirí an-tógtha faoin nginmhilleadh agus deir: bhal, tá a fhios againn go bhfuil agenda dá gcuid féin ag na nuachtáin Shasanacha, eagrán Éireannach acu, mar dhea, agus comhthreagraí polaitiúil ag ceann amháin acu Dé Domhnaigh atá ag tabhairt tacaíochta don IRA ar láimh amháin agus atá go fíochmhar in aghaidh an ghinmhillte san am céanna.

Tá Peadar Mac an Bheatha, comhfhreagraí polaitiúil an Sunday Courier, ag féachaint ar an gclár, é ar buile faoin méid atá ráite mar go smaoineoidh daoine gurb eisean atá i gceist. Bagraíonn sé cás clúmhillte a thabhairt in aghaidh an chainteora agus an stáisiúin teilifíse. Mínigh do lucht an stáisiúin cad a bheas le cruthú sa chúirt ag Peadar Mac an Bheatha, agus cén chosaint a bheas ag an stáisiún de réir dlí, is é sin má bhíonn cosaint ar bith acu.

5. Bhí an t-iriseoir Ed Moloney os comhair na cúirte i mBéal Feirste ar na mallaibh toisc gur dhiúltaigh sé a chuid nótaí a thabhairt don phéas (RUC) a bhí ag fiosrú dhúnmharú an dlíodóra, Pat Finnucane. Bhí an bua le Ed Moloney sa deireadh mar dúirt na breithiúna gurbh éigean don phéas a léiriú go raibh bunús réasúnta acu le creidiúint go gcuirfeadh na nótaí go substaintiúil le fiosrú an phéas faoin dúnmharú.

Pléigh an dlí faoi iriseoirí agus caomhnú na bhfoinsí eolais atá acu.

6. De réir na nAchtanna Craolacháin, níl cead ag craoltóirí ina gcláir, ná sna meáin a úsáidtear chun na cláir sin a dhéanamh, cúngracht mhíréasúnach a dhéanamh ar phríobháideachas pearsan aonair.

Pléigh an dualgas sin agus mínigh cad a tharlódh dá ndéanfaí cúngracht mhíréasúnach ar phríobháideachas pearsan aonair.